GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 17.12.2010
COIM(2010) 761 leagan deireanach

2010/0366 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle maidir le Ballstáit d'iniúchadh idirbheart ar cuid iad den chóras maoinithe ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle[1] a chomhfhogasú don idirdhealú a tugadh isteach le hAirteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) idir cumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin.

- **Comhthéacs ginearálta**

Déantar idirdhealú idir dhá chineál gnímh de chuid an Choimisiúin in Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE):

– Le hAirteagal 290 den CFAE, tugtar cead don reachtóir cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a ghlacadh a bhfuil feidhm ghinearálta leo le go bhforlíonfar nó go leasófar gnéithe neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach. Sa téarmaíocht atá in úsáid sa Chonradh tagraítear do ghníomhartha dlí arna nglacadh ag an gCoimisiún sa dóigh sin mar "gníomhartha tarmligthe" (Airteagal 290(3)).

– Le hAirteagal 291 den CFAE, tugtar cead do Bhallstáit gach beart dlí náisiúnta is gá a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí de a chur chun feidhme. Féadfar cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún leis na gníomhartha sin nuair is gá coinníollacha comhionanna chun na gníomhartha a chur chun feidhme. Sa téarmaíocht atá in úsáid sa Chonradh tagraítear do ghníomhartha dlí arna nglacadh ag an gCoimisiún sa dóigh sin mar "gníomhartha cur chun feidhme" (Airteagal 291(4)).

- **Forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Neamhbhainteach.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

[1] IO L 143, 3.6.2008, lch. 1.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le comhairliúchán le páirtithe leasmhara ná le saineolas seachtrach toisc gur ábhar idir-institiúideach é an togra chun Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle a chomhfhogasú do Chonradh Liospóin agus bainfidh sin le gach Rialachán ón gComhairle. Maidir leis na leasuithe a bhfuil simpliú mar aidhm acu, tá raon feidhme teoranta acu agus is leasuithe de chineál teicniúil amháin iad.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh toisc gur ábhar idir-institiúideach é an togra chun Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle a chomhfhogasú do Chonradh Liospóin agus bainfidh sin le gach Rialachán ón gComhairle. Maidir leis na leasuithe a bhfuil simpliú mar aidhm acu, tá raon feidhme teoranta acu agus is leasuithe de chineál teicniúil amháin iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

Cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle a shainaithint agus an nós imeachta comhfhreagrach a bhunú chun na gníomhartha sin a ghlacadh.

- **Bunús dlí**

Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Déantar inniúlachtaí maidir le beartas talmhaíochta a roinnt idir an AE agus na Ballstáit. Ciallaíonn sin fad nach ritheann an AE reachtaíocht in earnáil na talmhaíochta coimeádann na Ballstáit a n-inniúlachtaí féin. Maidir le rialuithe, cúnamh agus comhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún, ba cheart glacadh le cur chuige Eorpach, agus tá údar le rialacha aonfhoirmeacha a atreisiú maidir le malartú faisnéise.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta.

- **Rogha ionstraimí**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Ní bheadh modhanna eile leormhaith ar an gcúis seo a leanas: ní mór Rialachán a leasú le Rialachán eile.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann aon chaiteachas breise don AE leis an mbeart seo.

2010/0366 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle maidir le Ballstáit d'iniúchadh idirbheart ar cuid iad den chóras maoinithe ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[2],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[4],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tugann Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle[5] cumhachtaí don Choimisiún chun cuid d'fhorálacha an Rialacháin sin a chur chun feidhme.

(2) De thoradh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, is gá na cumhachtaí a tugadh don Choimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 a chomhfhogasú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an Conradh).

(3) Ba cheart cumhacht a bheith ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh d'fhonn eilimintí neamhriachtanacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 a fhorlíonadh nó a leasú. Ba cheart na heilimintí sin a bhféadfar an chumhacht sin a fheidhmiú ina leith, chomh maith leis na coinníollacha a mbeidh an tarmligean faoina réir, a shainiú.

(4) D'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 a ráthú i ngach Ballstát, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh. Ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún go háirithe rialacha aonfhoirmeacha a ghlacadh maidir le malartú faisnéise. Ba cheart don Choimisiún na gníomhartha cur chun

[2] IO C […], […], lch […].
[3] IO C […], […], lch […].
[4] IO C […], […], lch […].
[5] IO L 143, 3.6.2008, lch. 1.

feidhme sin a ghlacadh le cúnamh ón gCoiste maidir le cistí talmhaíochta a bunaíodh le hAirteagal 41d(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú[6] i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le...[*le comhlánú tar éis an rialachán um shásraí maidir le rialú a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 291(3) den CFAE, agus atá ina ábhar caibidle faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle*].

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 1(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Maidir leis na bearta sin nach bhfuil oiriúnach, mar gheall ar chineál an bhirt atá i gceist, le haghaidh rialaithe ex-post trí iniúchadh ar dhoiciméid tráchtála, d'fhonn na mbeart sin a eisiamh ó fheidhm an Rialacháin seo, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir leis na dálaí dá dtagraítear in Airteagail 13a, 13b agus 13c den Rialachán seo, liosta a bhunú de bhearta eile nach gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm ina leith."

(2) Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(a) sa dara fomhír de mhír 1, scriostar an dara habairt;

(b) scriostar mír 5.

(3) Scriostar Airteagal 13.

(4) Cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*"Airteagal 13a*

Déanfar na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa Rialachán seo a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse éiginnte ama.

A luaithe a ghlacann sé gníomh tarmligthe, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi sin an tráth céanna.

*Airteagal 13b*

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá tagraítear in Airteagal 13a a chúlghairm.

---

[6] IO L 209, 11.8.2005, lch. 1.

Maidir leis an institiúid a mbeidh tús curtha aici le nós imeachta inmheánach d'fhonn a chinneadh an ndéanfar nó nach ndéanfar tarmligean na cumhachta a chúlghairm, féachfaidh sí chuige fógra ina leith sin a thabhairt don institiúid eile agus don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach sula ndéanfar an cinneadh deireanach, agus luafaidh sí na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gcúlghairm sin.

Má chinntear cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm láithreach nó ar dháta níos déanaí arna shonrú ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

*Airteagal 13c*

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe laistigh de dhá mhí ó dháta an fhógra. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, déanfar an tréimhse sin a shíneadh ar feadh míosa amháin.

Más rud é, nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse sin, nach bhfuil agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle i gcoinne an ghnímh tharmligthe, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta atá sonraithe ann.

Féadfar an gníomh tarmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm roimh dhul in éag don tréimhse sin, má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach bhfuil sé beartaithe acu agóidí a dhéanamh.

Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid i gcoinne gnímh tharmligthe, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm. Luafaidh an institiúid a dhéanann agóid na cúiseanna atá aici agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

*Airteagal 13d*

Glacfaidh an Coimisiún, más gá, na forálacha a bhfuil sé mar aidhm acu cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a bhaint amach san Aontas, trí ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42d(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí comhpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 7(1) a chomhordú;

(b) sonraí agus sonraíochtaí maidir leis na nithe seo a leanas: ábhar agus foirm na n-iarratas agus an chaoi a seolfar isteach iad, ábhar agus foirm na faisnéise atá ag teastáil faoi chuimsiú an Rialacháin seo agus an chaoi a dtabharfar fógra fúithi agus a ndéanfar í a sheoladh isteach agus a mhalartú;

(c) dálaí agus modhanna foilsithe nó rialacha agus dálaí sonracha faoin gcaoi a scaipfidh an Coimisiún an fhaisnéis atá ag teastáil faoi chuimsiú an Rialacháin seo ar údaráis inniúla na mBallstát nó faoin gcaoi a gcuirfidh an Coimisiún ar fáil dóibh í.”

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh [...],

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |